

MOLTAÍ

Tuismitheoirí na Lapadán & na bPáistí sna Naíonraí / Suggestions - Parents of Toddlers & Preschool Children

MOLTAÍ IS COITIANTA / MOST COMMON SUGGESTIONS

- Ionad Cúram Leanaí laistigh de Ghaeltacht Mhúscraí.
- Dlúthdhiosca le hamhráin ón gceantar & leabhrán le léaráidí.
- Ranganna neamhfhoirmiúla do thuismitheoirí chun frásaí bunúsacha a fhoghlaim.
- Campaí Samhraidh & Campaí na Cásca - campaí nach campaí spóirt iad do na páistí réamhscoile – campaí gairid.
- Rince ar an gcéilí a mhúineadh do pháistí óga.
- Clubanna sóisialta – léamh scéalta le puipéid s.rl.

RÉIDH NA NDÓIRÍ

- Campa Samhraidh nach campa spóirt é – dhá uair sa samhradh.
- Áisitheoir chun frásaí bunúsacha a dhéanamh leis na grúpaí tuismitheoirí & lapadán.
- Áisitheoirí (rinne, ealaín, drámaíocht, aclaíocht) a aimsiú chun ceardlanna a dhéanamh leis na grúpaí tuismitheoirí & lapadán.
- Ranganna Gaeilge a chur ar siúl ag an am gcéanna leis an Naíonra, dírithe ar ‘frásaí’ do dhaoine fásta agus do lapadán.
- Deireadh seachtaine na Féile Pádraig (*Patrick's Weekend*) - CÉILÍ do dhaoine óga.
- Grúpaí do pháistí óga i rith na deireadh seachtaine gur féidir le tuismitheoirí atá ag obair freastal orthu (*Groups for kiddies at weekends / Saturdays that working parents can attend*).
- *Gymboree* as Gaeilge.
- Ranganna idirghníomhacha (*Interactive classes*) le tuismitheoirí agus lapadán.
- Naíolann / Ionad Cúram Leanaí.
- Grúpa Súgartha cosúil le *Gymboree* ar an Satharn (as Gaeilge).
- Grúpa Súgartha do dhaoine óga sa réimse ealaín agus ceardaíocht (*art & crafts*).
- Ranganna do thuismitheoirí & lapadán ag an am céanna leis an Naíonra.
- Ranganna do thuismitheoirí chun cabhrú leo frásaí a fhoghlaim le cur ar a gcumas comhrá le múinteoirí, mar aon le frásaí le húsáid sa bhaile m.sh. treoracha s.rl. (*Classes for parents to help learn phrases to converse with teachers and also phrases to use at home e.g. commands etc.*).
- Beidh na tuismitheoirí in ann iarracht níos fearr a dhéanamh ag labhairt Gaeilge ag an doras agus istigh sna Naíonraí más féidir na ranganna thuas a réachtáil.
- Níos mó acmhainní – Leabhair s.rl.
- Go labharfadh na daoine fásta Gaeilge lena chéile os comhair páistí óga agus déagóirí. Is iad na daoine fásta a chaithfidh a bheith cróga agus Gaeilge a labhairt nó measán Gaeilge / Béarla.
- Tá gá le háis cúram leanaí & páirc súgartha chomh maith (páistí 0-5 bliain) agus is ionad lárnach é Réidh na nDóirí chuige seo. Bheadh sé níos fearr é a bheith in aice an mbunscoil i dtreo is go bhféadfaí é a úsáid mar áis chúram iarscoile chomh maith.

- Ba mhaith an rud é an ionad lárnach céanna a úsáid chomh maith chun na fir a spreagadh chun Gaeilge a labhairt – *Men's Shed* a bunú ann do chaidreamh sláinte intinne.
- Foláireamh – má tharlaíonn easaontas, cuirfear an milleán ar an scéim seo sa todhchaí.
- Réiteach - Ba choir cúram iarscoile a chur ar fáil le nó i gach bunscoil. Níor chóir go mbeadh na sráidbhailte san iomaíocht lena chéile. Scoileanna áitiúla mar tá gach scoil tábhachtach dá gceantar féin. Is cuma an scoil mór nó beag í. Tá a leithéid riachtanach dá muintir féin.
- Do dhaoine níos sine – bheadh céilí go hiontach, m.sh. Teddy Kelleher (Cluain Droichead) mar mhúinteoir.
- Bheadh Grúpa Drámaíochta go hiontach.

CILL NA MARTRA

- Páirc Súgartha.
- Ionad cúram leanaí sa Ghaeltacht.
- Níos mó dlúthdhioscaí agus leabhair as Gaeilge don aois seo.
- Áiseanna cúram leanaí laistigh den Ghaeltacht.
- Bun-Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta (*Beginners Irish for Adults*).
- Grúpaí comhrá (*Conversation groups*).
- Ranganna Gaeilge dírithe ar 'frásaí' do dhaoine fásta agus lapadáin.
- Ciorcal comhrá do thuismitheoirí.
- An féidir leis na thuismitheoirí cóip a fháil den obair atá foghlamtha ag na páistí?
- Acmhainní á gcur abhaile ón scoil (*Resources sent home from school*).
- Slí chun idirghabháil le daoine eile agus Gaeilge a labhairt (*A way to interact with other people to speak Irish*).
- Cláir teilifíse as Gaeilge.
- Aip Gaeilge ar an bhfón cliste.
- Treoracha a thabhairt ar an nGaeilge le múineadh do pháistí faoi bhun aois 5 bliana – Tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na rudaí atá oiriúnach dá bpáistí, bunaithe ar aois. B'fhéidir leabhrán a sheoladh go tuismitheoirí le taispeáint cad a bheifeá ag súil leis ón bpáistí le linn a gcuid ama sa Naíonra (*To give guidelines on what of of Irish to teach under 5's – To let parents know what is age appropriate for their child's age group. Maybe to send out a booklet to let parents know what is expected of their child over the course of their time in Naíonra*).
- Campaí Samhraidh.

BAILE BHÚIRNE

- Áiseanna cúram leanaí laistigh den Ghaeltacht.
- Grúpa tuismitheoirí & lapadán as Gaeilge (*Parent and toddler group as Gaeilge*).
- Ranganna do thuismitheoirí gur tosaitheoirí iad.
- Ciorcal comhrá i rith an lae.
- Ranganna comhrá (*Conversational Irish*).
- (Maidineacha caife do thuismitheoirí/daoine fásta chun labhairt trí mheán na Gaeilge ar ábhair éagsúla agus cur leis an stór focal Gaeilge (*Parent / Adult coffee mornings to chat in Irish about different topics to broaden Irish vocab*)).

- Grúpa súgartha do pháistí faoi bhun aois 3 bliana (*Playgroup for under 3s*).
- Naíolann / *Creche*.
- Áiseanna cúram leanaí i rith an tsamhraidh.
- Cúpla leabhar i gcóir páistí sa naíonra.

CÚIL AODHA

- Leabhair dhátheangacha do pháistí agus tuismitheoirí le léamh i dteannta a chéile. Teastaíonn uaim go labhródh mo pháiste níos mó Gaeilge liom. Mothaím go mbeadh sé seo go maith chun cabhrú linn go léir foghlaim agus feabhsú (*Bilingual books for children and parents to read together. I want my child to speak more Irish with me. I feel this would be a great way for us both (all) to learn and improve*).
- Níl aon naíolann lán-aimseartha do thuismitheoirí atá ag obair (*No full time Creche for working parents*).
- Níl aon clós súgartha i gCúil Aodha (*No playground in Cúil Aodha*) x 2.
- Ranganna cainte/cluastuisceana na Gaeilge (*Aural/Speaking Classes*).
- Naíolann / *Creche* x 3.
- Clubanna – cluichí, club leabhar, club scannán (*Clubs - games, book club, movie club*).
- Páistí a spreagadh le Gaeilge a labhairt le linn gníomhaíochtaí seach-churaclaim – spórt, ceol, s.rl. agus tacaíocht a thabhairt i slí éigin (*Encourage children to speak Irish in all extra curricular activities – sport, music, etc... and support some in some way*).
- Tá Naíonra agus Scoil Chúil Aodha ar fheabhas (*Coolea School and Naíonra excellent*).
- Campaí i gcóir cúpla uair a’ chloig ó am go ham b’fhéidir.
- Éiríonn níos fearr le páistí nuair a bhíonn gach páiste (nó an chuid is mó de na páistí) ag labhairt Gaeilge lena chéile – gach áit.
- Bailiúcháin bheaga uair a’ chloig ar fhad do thuismitheoirí agus lapadáin (*Little 1 hour social gatherings for parents and toddlers*).
- Áit sábháilte le dul ag rothaíocht ann (*A safe area to go cycling*).
- Bheadh grúpa comhrá Gaeilge do thuismitheoirí agus lapadáin an-chabhrach (*An Irish language conversation group for parents and toddlers would be very helpful*).
- Táimid an-sásta leis an Naíonra i gCúil Aodha agus an clós súgartha i mBaile Bhúirne (*We are really happy with the Cúil Aodha Naíonra & Baile Bhúirne playground*).
- B’fhéidir tráthnóna sa mhí i gcóir amhránaíocht, dánta, ceoil do pháistí óga sa halla.
- Rang ina bhféadfaí drámaíocht, ceol, amhráin & dánta a mhúineadh.
- Cuireann TG4 go mór le Gaeilge mo pháistí – is breá leo na cartúin.
- Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí.
- Ranganna drámaíochta trí Ghaeilge.
- Club tar éis scoile, 2:00-5:00in.

BÉAL ÁTHA

- Imeachtaí áitiúla go rialta – seó puipéid, scéalta, ceoltóirí, uair sa mhí.
- Seisiúin snámha i rith an tsamhraidh do thuismitheoirí & lapadáin.
- Siúlóid agus picnic i rith an tsamhraidh.
- Ciorcal comhrá do tuistí le caife & tae s.rl. ag amanna oiriúnacha. Tá go leor daoine le Gaeilge anseo agus ba cheart iad a thabhairt le chéile chun í a scaipeadh i suíomh neamhfhoirmeálta.
- Ceardlann rince, ceoil, ealaíne a eagrú do pháistí trí mheán na Gaeilge.

- Ní mór a lua go bhfuil sé ríthábhachtach go leantar ar aghaidh leis an nGaeilge de bharr gur í ár dteanga náisiúnta í.
- Bheadh rochtain ar bhun-chúrsa Gaeilge go hiontach (*Access to an Irish beginners course would be excellent*) x 3.
- Bheadh grúpaí comhrá agus imeachtaí sóisialta ina smaoineamh maith (*Conversational groups and social events would be a good idea*).
- Bheadh áis chúram leanaí go hiontach don cheantar (*Childcare would be an excellent addition to the area*).
- Naíolann / *Creche*.
- Níor chóir go mbeadh náire ar dhaoine fásta Gaeilge a labhairt.
- Níos mó dlúthdhioscaí agus leabhair as Gaeilge don aoisghrúpa seo.
- Lá scéalaíochta (*story telling*) uair sa mhí.
- Puipéid as Gaeilge nó a leithéidí Paw Patrol/Fireman Sam a thabhairt ar cuairt go Béal Átha.
- Naíolann / *Creche* as Gaeilge.
- B'fhéidir lá spóirt uair sa bhliain do pháistí beaga.
- Rang tráthnóna do thuismitheoirí ionas go bhféadfaidís Gaeilge a fhoghlaim (*An evening class for parents to learn Irish*).
- Lá spóirt do thuismitheoirí & páistí leis an nGaeilge mar theanga labhartha ann (*A sports day for parents & children with spoken Irish used*).
- Rang Cócaireachta as Gaeilge.
- Céilí beag do dhaoine beaga.
- Plean ceachta/obair bhaile Gaeilge á roinnt ionas gur féidir le thuismitheoirí foghlaim agus páirt a ghlacadh i gceachtanna na bpáistí (*Irish homework/lesson plan shared so parents can learn and participate in lessons child receives*).
- Liosta a fháil ón Naíonra de na focail atá á bhfoghlaim ag na páistí ionas gur féidir le thuismitheoirí iad a rá sa bhaile (*Get a list from Naíonra of words the children are learning so parents can say them at home*).
- Cluichí boird i nGaeilge ag cur chun cinn na Gaeilge (*Irish board games promoting Irish language*).
- Imeachtaí sóisialta do mháithreacha/lapadáin/leanaí (*Social events for mothers/toddlers/children*).
- Imeachtaí dírithe ar aoisghrúpaí ar leith m.sh. clubanna lego (*Events catered to age group e.g. lego clubs*).
- Cláir aclaíochta do pháistí óga / lapadáin ag spreagadh gníomhaíochta agus teanga (*Baby / toddler exercise programmes encouraging activity and language*).
- Clós súgartha a bheith níos oiriúnaí ó thaobh aoise (*Playground more age appropriate*).
- Bíonn am scéalaíochta sa Leabharlann i Maigh Chromtha gach Satharn. Bheadh sé go hiontach rud éigin cosúil leis sin a chur ar fáil sa sráidbhaile, ag léamh scéalta Gaeilge agus b'fhéidir scéalta cultúrtha agus stairiúla (*The Library in Macroom has story time every Saturday. Having something similar in the village, reading Irish stories (language and traditional) & potentially culture and historical stories would be fabulous*).
- Spóirt/cluichí tar éis scoile nó ag na deirí seachtaine (*Sports / games after school or at weekends*).
- Dlúthdhiosca a dhéanamh le haistriúcháin foghraíochta toisc go bhfuil sé tábhachtach fhios a bheith agat conas na focail a fhuaimniú (*Make a CD with phonetic translations as it is important to know how to pronounce the words*).